Cia le gcoiseontar m’anam?

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 12]

1 Cia le gcoiseontar m’anam?
cia éisdfeas [rem] uraghall?
díon m’anman - gá cruaidhe ceisd? -
[mo thruaighe] an t-adhbhar aitheisg.

2 Eagal damh nach diongna achd cóir
breitheamh ceart Sléibhe Si-óin
lá na coinne an tráth thiocfa
cách ’n-a choinne ar chuideachta.

3 Ar an sliabh i gcoinne cáich
tiocfa breitheamh laoi an luanbhráith;
breath do-bhéara dhóibh ón dligheadh
mo sgéala as cóir creidfidhear.

4 Ann do-chífear an chros donn
 - lá a taobhaidh a-tá romham -
ar an luigh cealg ar gcionadh
is fuil dhearg an Dúiliomhan.

5 Fóir dia Luain lá na deaghla
d’eagla fheirge an tighearna
ar nguais-ne, a mhaoir na meidhe,
do thaoibh t’uaisle is t’impeidhe.

6 Go hÍosa an lá do bhí i mbraid
ón Athair is tú thánaig;
an lá do shil crú a chroidhe
a nimh fa tú an teachtaire.

7 Neamh d’fhagháil fa ní do-ním
ó nach fiu mi-se, a Mhíchíl,
cóir fleadh d’fhagháil it ainm-se
neamh it anáir iarraim-se.

8 M’anam thuas dá chur i gcion
i nglóir airdríogh na n-aingeal,
faghar thú mar dhuais dána
ó tú i nguais mo ghabhála.

9 Déin ar síodh a Aingil fhinn
re mac inghine Iaichim;
mo chean tharla i dtréan t’itche
re béal m’anma ar imirce.

10 Iarrfaidh éiric ann for-íor
oram do mheas mo mhíghníomh
[labhradh] san Luan ar a pháis,
mo-nuar, is adhbhar uathbháis.

11 Biaidh lá na breithe buaine
 - mór an t-adhbhar anbhuaine -
a chion ar comhair gach fhir
omhain don fhior nach airigh.

12 Muna fhuilnge Íosa ar m'olc
cara éigin dom fhurtocht
mairg a-tá ag teacht im eolas
a cheart an lá laibheoras.

13 A-tá 's ní feitheamh fallsa
cara m'anma agam-sa
gach aon [dá] thoghairm fa thréan
darab comhainm maor Míchéal.

14 Bíom 'n-a leith i ló an bhrátha
dom dhíon ar eagla an ursgátha;
an maor [do] char dom choimhdhe
damh ní taobh re tollairbhe.

15 Do bhualadh séala mun sídh,
a mhaoir na meidhe, a Mhíchíl,
is tú thaghaim, a chnú chroidhe,
gabhaim thú mar theachtaire.  Cia re.